# Tuarascáil Bhliantúil 2024

Neamhspleáchas | Neamhchlaontacht | Ionracas

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission



An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

ISSN: 2009-3217

Arna dearadh ag: wonder works

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Clár Ábhair


**Réamhrá** 5

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí** 6

**Réamhrá ón gCathaoirleach** 7

**Rialachas Corparáideach** 8

Caibidil a hAon:
**Eitic in Oifigí Phoiblí** 10

Caibidil a Dó:
**Cúrsaí Toghcháin** 14

Caibidil a Trí:
**Cumarsáid agus For-Rochtain** 18

Aguisín a hAon:
**Foilseacháin de chuid an Choimisiúin in 2024** 21

Aguisín a Dó:
**Tríú Páirtithe agus Deontóirí Corparáideacha arna gClárú in 2024** 22

# Réamhrá

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus i gcomhréir le forálacha alt 27(2)(a) den Acht um *Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*, tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2024 an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

**Garrett Sheehan**
An Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2025

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um *Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001*. Sa bhliain 2024, ba iad na daoine seo a leanas  comhaltaí an Choimisiúin:

- An Breitheamh Garrett Sheehan, Cathaoirleach;
- Seamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Ger Deering, an tOmbudsman;
- Peter Finnegan, Cléireach Dáil Éireann;
- Martin Groves, Cléireach Seanad Éireann;
- Geraldine Feeney, iarchomhalta de Sheanad Éireann.

Cuireann Oifig an Ombudsman rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar fáil.

Tá róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi chúig phíosa reachtaíochta ar leithligh (arna leasú):

- An tAcht um *Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an tAcht um *Chaighdeáin in Oifigí, Poiblí, 2001* (ar a ngairtear le chéile "na hAchtanna Eitice");
- an tAcht *Toghcháin 1997*;
- Acht na nOifigí *Aireachta agus Parlaiminte, 1938*; agus
- an tAcht um *Rialáil Stocaireachta 2015*.

Tá ról ag an gCoimisiún freisin maidir le fiosrúcháin a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha Chuid 15 den Acht *Rialtais Áitiúil, 2001*.

Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar leithligh ina gcumhdaítear a ghníomhaíochtaí maidir le riaradh an Achta um *Rialáil Brústocaireachta, 2015*.

Is féidir tuilleadh eolais faoi fheidhmeanna an Choimisiúin a fháil ar líne ar ár suíomh gréasáin https://www.sipo.ie/about/what-we-do/

# Réamhrá ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur i láthair maidir le hobair an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) in 2024.

Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún 114 ghearán faoi na hAchtanna Eitice, agus 86 ghearán eile a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin.Dhún an Coimisiún 127 gearán san iomlán i rith na bliana, agus bhain 79 díobh sin le gearáin a fuarthas in 2024.Bhí na 73 gearán eile fós faoi scrúdú agus tugadh ar aghaidh iad go dtí 2025. Chuir an Coimisiún  tús le trí fhiosrúchán réamhchéime in 2024. Ina theannta sin, tugadh ceithre fhiosrúchán réamhchéime ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Bhí seacht bhfiosrúchán réamhchéime fós ar siúl ag deireadh na bliana. Tionóladh éisteacht imscrúdaithe amháin in 2024, agus bhí dhá imscrúdú ar siúl ag deireadh na bliana. Tá tuilleadh eolais faoi obair an Choimisiúin faoi na hAchtanna Eitice leagtha amach i gCaibidil a hAon.

Sa bhliain 2024, bhí ról ag an gCoimisiún maidir le Toghchán Méarachta Luimnigh, Toghchán do Pharlaimint na hEorpa agus maidir leis an Olltoghchán don 34ú Dáil. Tá treoirlínte foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí d'iarrthóirí, do ghníomhairí toghcháin, do ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta agus do dhaoine eile chun comhlíonadh na reachtaíochta do na  toghcháin sin a chinntiú. Baineann na Treoirlínte le réimsí ar nós síntiúis pholaitíochta a nochtadh, síntiúis thoirmiscthe, teorainneacha ar chaiteachas toghcháin agus aisíocaíocht speansas toghcháin.

I gCaibidil a Dó den tuarascáil seo tugtar faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2024 faoin *Acht Toghcháin, 1997*, chomh maith le forbhreathnú ar phríomhfhorbairtí i réimsí tosaíochtaagus i gCaibidil a Trí tugtar sonraí faoi chumarsáid agus for-rochtain a rinneadh in 2024 chun eolas agus feasacht a spreagadh maidir le hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu faoi na hAchtanna atá faoi chúram an Choimisiúin.

Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Rúnaíocht, agus leis an bhfoireann tacaíochta in Oifig an Ombudsman i gcoitinne as a ndíogras i rith na bliana seo caite. Is pribhléid é oibriú ar an gCoimisiún



**Garrett Sheehan**
An Cathaoirleach

# Rialachas Corparáideach

Maoinítear an Oifig, ina bhfuil Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Choimisinéara um Nochtuithe Cosanta, le Vóta amháin agus déanann Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Stiúrthóir), Elaine Cassidy, maoirseacht uirthi agus faigheann si tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta. Agus a gcuid oibre á déanamh acu, glacann ár bhfoireann leis na hoibleagáidí traidisiúnta príobháideachais agus ionracais i gcomhlíonadh dualgas oifigiúil agus ag an am céanna neamhspleáchas agus feidhmeanna reachtúla gach ceann de na comhoifigí ina n-oibríonn siad a chosaint agus a chaomhnú.

Tá nuashonruithe maidir lenár Rialachas Corparáideach leagtha amach ar an leathanach Straitéise agus Rialachais ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman. Cuimsíonn an leathanach seo faisnéis agus nuashonruithe maidir lenár nithe seo a leanas:

- Plean Straitéiseach 2022–25
- Comhlíonadh na gceanglas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Comhlíonadh cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta
- Comhlíonadh na gceanglas faoi alt 42 den Acht IHREC (an dualgas ar sheirbhísigh phoiblí i ndáil le cearta an duine (Dualgas na hEarnála Poiblí))
- An Fhoireann Ghlas (lena n-áirítear ár gcomhlíonadh leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin)
- Creat Rialachais Chorparáidigh
- Beartas maidir le Cosc Calaoise agus Frithéilliú
- Beartas maidir le bronntanais, fáilteachas agus siamsaíocht
- Beartas maidir le doras imrothlach

Caibidil a hAon

# Eitic in Oifig Phoiblí

# Caibidil a hAon:
# **Eitic in Oifigí Phoiblí**

Tugtar faisnéis sa chaibidil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2024 faoi na hAchtanna Eitice, chomh maith le forbhreathnú ar phríomhfhorbairtí i réimsí tosaíochta.

## Nochtadh Leasa: Rialacháin na nAchtanna Eitice

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, níor nuashonraíodh rialacháin lena bhforordaítear poist ainmnithe fostaíochta sna seirbhísí sibhialta agus sna seirbhísí poiblí níos leithne, agus stiúrthóireachtaí comhlachtaí Stáit ó 2018. De thoradh sin, tá roinnt stiúrthóireachtaí agus poist fostaíochta ar fud na seirbhíse poiblí fós lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna Eitice, agus ní féidir na forálacha maidir le nochtadh leasanna sna hAchtanna Eitice a chur i bhfeidhm ar bhonn reachtúil sna comhlachtaí lena mbaineann. Tá an Coimisiún ar an eolas go bhfuil 49 comhlacht poiblí ar a laghad fós lasmuigh de raon feidhme na reachtaíochta amhail an 31 Nollaig.

Sa bhliain 2024, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta,  agus Athchóirithe tús leis an bpróiseas chun rialacháin leasaithe a dhréachtú, bunaithe ar fhaisnéis a iarradh ó Ranna Rialtais agus a chuir siad ar fáil. Mar sin féin, níor tugadh an próiseas seo chun críche go fóill. Tá sé ráite ag an Roinn go leanfar leis an obair chun an próiseas seo a chríochnú a luaithe is féidir.

Tá imní ar an gCoimisiún nach bhfuil feidhm ag na forálacha maidir le nochtadh leasanna ar bhonn reachtúil maidir le líon méadaitheach comhlachtaí poiblí. Cé go dtuigeann an Coimisiún gur dócha go réiteofar an deacracht seo le reachtaíocht athbhreithnithe maidir le heitic, níl sé soiléir cathain a achtófar an reachtaíocht sin agus, idir an dá linn, leanann an staid mhíshásúil reatha ar aghaidh.

Tá an Coimisiún fós den tuairim, i gcás ina bhfuil comhlacht nua á bhunú nó ina ndéantar comhlachtaí atá ann cheana a chumasc, gur cheart forordú stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist fostaíochta ainmnithe a mheas mar chuid chaighdeánach den phróiseas bunaithe.

## Imréiteach Cánach: Ceapacháin chuig Oifig Shinsearach

Bíonn oibleagáidí áirithe maidir le himréach cánach ar dhuine a cheaptar chuig 'oifig shinsearach' chun críocha na nAchtanna Eitice. Go sonrach, ceanglaítear ar cheapacháin chuig poist den sórt sin dearbhú reachtúil a thabhairt don Choimisiún laistigh de naoi mí ón gceapachán, dearbhú a dhéanfar laistigh de mhí amháin ar gach taobh den cheapachán agus deimhniú imréitigh cánach a eiseofar laistigh de naoi mí ar gach taobh den cheapachán.

Cuireadh 317 ceapachán chuig oifig shinsearach in iúl don Choimisiún ag comhlachtaí poiblí le linn 2024, suas beagán ó 313 in 2023. Ina theannta sin, toghadh/ainmníodh cúigear Seanadóirí don 26ú Seanad le linn 2024, agus toghadh 174 Teachta Dála chuig Dáil Éireann san Olltoghchán ar an 29 Samhain 2024. Ceanglaítear ar gach comhalta a thoghtar/a ainmnítear chuig an Oireachtas dearbhú reachtúil a chur isteach laistigh de naoi mí ón toghchán/ainmniúchán, dearbhú a dhéanfar laistigh de mhí amháin ar gach taobh den toghchán/ainmniúchán, agus deimhniú imréitigh cánach a eiseofar laistigh de naoi mí ar gach taobh den toghchán/ainmniúchán.

## Leasú Eitice

Mar a leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil do 2022, chríochnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe athbhreithniú ar reachtaíocht eitice ag deireadh 2022. D'fhoilsigh an Roinn an t-athbhreithniú sin i mí Feabhra 2023. Dírítear le moltaí an athbhreithnithe ar chúig théama atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha an chreata reachtúil reatha:

- Creat reachtaíochta le haghaidh eitic atá bunaithe ar shraith prionsabal uileghabhálacha maidir le hionracas;
- Toirmisc reachtúla nua, lena n-áirítear toirmeasc ar úsáid faisnéise ón taobh istigh;
- Neartú a dhéanamh ar cheanglais maidir le nochtadh chun trédhearcacht a fheabhsú agus scrúdú a dhéanamh ar cheart don chóras níos mó sealbhóirí oifige a chuimsiú
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a neartú
- Srianta fostaíochta iar-théarma d'oifigigh tofa/seirbhísigh phoiblí a dhíríonn ar nithe nach bhfuil clúdaithe cheana féin ag rialachán brústocaireachta agus ba cheart dóibh a bheith i gcomhréir go dlúth leis an reachtaíocht sin

Chinn an Rialtas, de bhun an athbhreithnithe, údarú a thabhairt chun scéim ghinearálta reachtaíochta nua eitice a dhréachtú. Leantar den obair sin. Tá fáilte curtha ag an gCoimisiún roimh na forbairtí seo agus tá cúnamh teicniúil á sholáthar aige don Roinn agus reachtaíocht nua á hullmhú bunaithe ar a thaithí oibríochtúil maidir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

Tugann an Coimisiún dá aire go ndeirtear sa Chlár Rialtais a d'fhoilsigh an Rialtas nua a bunaíodh i ndiaidh an olltoghcháin i mí na Samhna 2024 go ndéanfar athchóiriú agus comhdhlúthú ar an reachtaíocht maidir le hEitic in Oifigí Poiblí.

# Gearáin

Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún 114 ghearán faoi na hAchtanna Eitice, agus 86 ghearán eile a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin.Dhún an Coimisiún 127 gearán san iomlán i rith na bliana, agus bhain 79 díobh sin le gearáin a fuarthas in 2024.Bhí na 73 gearán eile fós faoi scrúdú agus tugadh ar aghaidh iad go dtí 2025. Chuir an Coimisiún tús le trí fhiosrúchán réamhchéime in 2024. Ina theannta sin, tugadh ceithre fhiosrúchán réamhchéime ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Bhí seacht bhfiosrúchán réamhchéime fós ar siúl ag deireadh na bliana. Tionóladh éisteacht imscrúdaithe amháin in 2024, agus bhí dhá imscrúdú ar siúl ag deireadh na bliana.

# Investigation into Robert Troy, Former Minister of State at the Department of Enterprise, Trade and Employment

Ag leanúint ar éisteacht imscrúdaithe a tionóladh i mí an Mheithimh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil i mí na Nollag 2024 maidir leis na sáruithe líomhnaithe ar na hAchtanna Eitice ag an Teachta Troy. Luaitear sa tuarascáil gur chinn an Coimisiún gur sháraigh an Teachta Troy Alt 5 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 i ndáil le dearbhú maoine, conartha, agus stiúrthóireachta sna blianta 2020 agus 2021, agus gur ionann na neamhghníomhartha le chéile agus gníomh sonraithe de réir bhrí alt 4(1)(a) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

Chinn an Coimisiún go ndearnadh dhá cheann de na sáruithe go faillíoch agus gur de thaisme a rinneadh ceann amháin. Fuair an Coimisiún amach freisin gur ábhar tromchúiseach a bhí i bpatrún na n-easnamh nó na n-earráidí i ndearbhuithe comhleanúnacha. Maidir leis na sáruithe uile, bhí an Coimisiún den tuairim gur ghníomhaigh an Teachta Troy de mheon macánta sa mhéid is nár iarr sé d'aon ghnó a leasanna a cheilt ná a sheachaint nochtadh poiblí na leasanna sin.

Tá an tuarascáil imscrúdaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Caibidil a Dó

# Cúrsaí toghcháin

# Caibidil a Dó: **Cúrsaí Toghcháin**

Tugtar faisnéis sa chaibidil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2024 faoin Acht um Eitic, 1997 chomh maith le forbhreathnú ar phríomhfhorbairtí i réimsí tosaíochta.

## Ráitis Síntiús ó Dheontóirí Aonair

Faoi alt 24(1A)(a) den *Acht Toghcháin, 1997*, ní mór d'aon deontóir (cibé acu duine aonair nó corparáideach é) a dhéanann síntiúis os cionn luach comhiomlán €1,500 sa bhliain chéanna do bheirt nó níos mó a bhí ina mbaill den pháirtí polaitíochta céanna, nó do pháirtí polaitíochta agus do chomhalta amháin nó níos mó dá chomhaltaí, ráiteas síntiúis/dearbhú reachtúil a sholáthar don Choimisiún. Ní bhfuarthas aon ráitis síntiús ó dheontóirí aonair i leith 2024.

## Tríú Páirtithe

Is éard is tríú páirtí ann aon duine aonair nó eagraíocht, seachas páirtí polaitiúil, a ghlacann le síntiús os cionn €100 a tugadh chun críocha polaitiúla. Ar fháil síntiús os cionn na tairsí sin dó, ní mór don duine aonair/eagraíocht clárú leis an gCoimisiún mar thríú páirtí, agus bíonn oibleagáidí tuairiscithe bliantúla air ina dhiadh sin.

Tá liosta de thríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach do 2024 san áireamh in aguisín a dó den tuarascáil seo.

## Deontóirí Corparáideacha

Is éard is deontóir corparáideach ann aon chorparáid nó comhlacht neamhchorpraithe daoine a dhéanann síntiús (nó síntiúis) chun críocha polaitiúla. Ní mór do dheontóirí corparáideacha ar mian leo síntiúis pholaitiúla a dhéanamh ar fiú níos mó ná €200 iad clárú leis an gCoimisiún. Déantar an clár seo a nuashonrú go bliantúil. Déanann an Coimisiún teagmháil le cláraithe i mí na Samhna na bliana clárúcháin ghníomhaigh agus iarrann sé orthu a dhearbhú an bhfuil sé beartaithe acu fanacht ar an gclár don bhliain dár gcionn.

Murab ionann agus tríú páirtithe, níl aon oibleagáidí tuairiscithe ann go sonrach do dheontóirí corparáideacha cláraithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh oibleagáid orthu ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil a chur isteach faoi alt 24(1A)(a) den *Acht Toghcháin 1997* má dhéanann siad síntiúis a sháraíonn luach comhiomlán €1,500 sa bhliain chéanna do bheirt nó níos mó a bhí ina mbaill den pháirtí polaitíochta céanna, nó do pháirtí polaitíochta agus do dhuine amháin nó níos mó dá chomhaltaí (féach thuas).

Sa bhliain 2024, bhí naonúr deontóirí corparáideacha cláraithe leis an gCoimisiún.

Coinnítear liosta d'eagraíochtaí atá cláraithe mar dheontóirí corparáideacha agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá liosta de dheontóirí corparáideacha a cláraíodh in 2024 san áireamh in aguisín a dó den tuarascáil seo.

## Ráitis Chuntais Páirtithe Polaitíochta

Déantar foráil le *hAcht Toghcháin 1997*, arna leasú (an tAcht), maidir le ráitis chuntais bhliantúla do nochtadh ag páirtithe polaitíochta. Déantar foráil leis freisin maidir le taifead cuntasaíochta do choimeád , agus maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis chuntais ag iniúchóirí reachtúla.

Ceanglaítear leis an Acht go gcomhlíonann na cuntais na ceanglais maidir le foirm agus ábhar dá bhforáiltear sna treoirlínte athbhreithnithe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2024, tar éis formheas a fháil ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

D'fhoilsigh an Coimisiún ráitis chuntais arna soláthar dó ag páirtithe polaitíochta atá cláraithe in Éirinn i leith 2024 agus tá fáil orthu ag www.sipo.ie.

## Cumhachtaí Fiosrúcháin faoin Acht Toghcháin

Faoin Acht Toghcháin, tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis a chuirtear ar fáil dó faoin reachtaíocht  agus fiosrúcháin a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, chun a fhreagrachtaí reachtacha a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, le roinnt blianta anuas, fuair an Coimisiún comhfhreagras a bhaineann le líomhaintí nár chomhlíon páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe forálacha an Achta Toghcháin.

Feidhmíonn an Coimisiún a chumhachtaí fiosrúcháin i ndáil leis na nithe seo chun a chinneadh an  raibh ann do neamhchomhlíonadh nó, i gcúinsí áirithe, an amhlaidh go bhféadfadh sé gur tharla cion.

## An Cód um Imscrúduithe Toghcháin do dhéanamh

Foilsíodh an Cód um Imscrúduithe Toghcháin do dhéanamh an 6 Samhain 2024. Aon imscrúdú faoin Acht Toghcháin a tharlaíonn tar éis an dáta sin, déanfar é ag féachaint d'fhorálacha an Chóid sin.

## An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022

Achtaíodh an tAcht um *Athchóiriú Toghcháin, 2022* i mí Iúil 2022. Chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le bunú an Choimisiúin Toghcháin, rinneadh roinnt leasuithe ar *Acht Toghcháin 1997* leis an Acht. Baineann na leasuithe le síntiúis pholaitiúla, costais toghcháin agus ráitis chuntais.

Rinneadh foráil san Acht freisin maidir le cumhachtaí nua don Choimisiún imeachtaí coiriúla a thionscnamh i leith cionta achoimre agus fógraí íocaíochta seasta a eisiúint i gcás tuairisceáin dhéanacha.

Cuireadh tosach feidhme le cionta faoi Chuid IX den Acht, ar cionta iad a cuireadh isteach leis an Acht um *Athchóiriú Toghcháin 2022*, an 1 Samhain 2024. Tháinig roinnt athruithe as seo, lena n-áirítear tabhairt isteach cionta nua, agus athruithe ar roinnt cionta a bhí ann cheana féin, mar gheall ar mhainneachtain na hoibleagáidí faoin Acht Toghcháin a chomhlíonadh.

Mura gcomhlíontar ceanglais an Achta d'fhéadfadh go dtionscnófar imeachtaí i leith ciona ag an gCoimisiún nó ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó, i gcás tuairisceáin dhéanacha, d'fhéadfadh go dtabharfar fógra íocaíochta seasta.

## Toghcháin in 2024

Sa bhliain 2024, bhí ról ag an gCoimisiún maidir le Toghchán Méarachta Luimnigh, Toghchán do Pharlaimint na hEorpa agus maidir leis an Olltoghchán don 34ú Dáil.

Tá treoirlínte foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí d'iarrthóirí, do ghníomhairí toghcháin, do ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta agus do dhaoine eile chun comhlíonadh na reachtaíochta do na toghcháin sin a chinntiú.

Tugtar faisnéis sna treoirlínte faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

- nochtadh síntiús polaitiúil;
- teorainneacha ar luach na dtabhartas a bhféadfar glacadh leo;
- tabhartais thoirmiscthe;
- teorainneacha ar chaiteachas toghcháin;
- caiteachais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe.

Beidh tuarascálacha an Choimisiúin maidir le Toghchán Méarachta Luimnigh, an Toghchán do Pharlaimint na hEorpa agus an Olltoghchán don Dáil ar fáil ar a shuíomh gréasáin go luath.

Caibidil a Trí

# Cumarsáid agus For-Rochtain

# Caibidil a Trí:
# **Cumarsáid agus For-Rochtain**

Seo a leanas buaicphointí na ngníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana a rinne an Coimisiún in 2024.

## Eanáir

- Cur i láthair ar líne do bhaill den Oireachtas maidir le hoibleagáidí reachtúla faoi na *hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1997* agus 2001 (na hAchtanna Eitice), an *tAcht Toghcháin, 1997*, an tAcht um Ghníomhaíochtaí Aireachta agus Parlaiminte 1938, agus an tAcht um Rialáil Brústocaireachta 2015;
- Cur i láthair ar líne do Fhóram Bainistíochta Riosca na nGníomhaireachtaí Deonacha um Chúram Sláinte maidir leis na hAchtanna Eitice.

## Feabhra

- Cruinniú le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach maidir le dréacht-thuarascáil an Aontais maidir leis an Smacht Reatha;
- Cruinniú le hAireacht Gnóthaí Baile na hÍsiltíre maidir leis na hAchtanna Eitice.

## Márta

- Cruinniú le Sinn Féin maidir le dréacht-ráitis chuntais pháirtí polaitíochta;
- Cruinniú le Fine Gael maidir le dréacht-ráitis chuntais pháirtí polaitíochta;
- Cruinniú le Fianna Fáil  maidir le dréacht-ráitis chuntais pháirtí polaitíochta.

## Bealtaine

- Cruinniú le hOifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip maidir le Misean Speisialta Measúnaithe Toghcháin maidir le Toghcháin Eorpacha 2024;
- Cruinniú leis an Dr. Fiona Buckley, Roinn an Rialtais agus na Poilitíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus an tOllamh Mack Mariani, Ollscoil Xavier, maidir le taighde ar inscne agus maoiniú/caiteachas toghcháin i dtoghcháin na hÉireann.

## Meitheamh

- Cruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le dréacht-Tuarascáil, an 5ú Babhta, ón nGrúpa Stát In Aghaidh an Éillithe (GRECO) i dtaca le Comhlíontacht;
- Cur i láthair do Chláraitheoirí Eitice na n-údarás áitiúil arna eagrú ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil;
- Freastal ar Cheardlann Théamach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Córais Dearbhaithe Sócmhainní, an Bhruiséil.

## Deireadh Fómhair

- Cruinniú le hOifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip maidir le Misean Measúnaithe Riachtanas maidir le hOlltoghchán na Dála 2024;
- Cruinniú leis an gCoimisiún Toghcháin agus le Coimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe.

## Samhain

- Cur i láthair ar líne do bhaill foirne Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannasmaidir leis na hAchtanna Eitice.

## Nollaig

- Cur i láthair ar líne do bhaill foirne Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannasmaidir leis na hAchtanna Eitice.

# Aguisín

# Aguisín a hAon: **Foilseacháin de chuid an Choimisiúin in 2024**

## Aibreán

- Treoirlínte maidir leis an Toghchán do Pharlaimint na hEorpa 2024.

## Bealtaine

- Treoirlínte do Thoghchán an tSeanaid.

## Iúil

- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí Tuarascáil Bhliantúil 2023.

## Deireadh Fómhair

- Treoirlínte Athbhreithnithe do Pháirtithe Polaitíochta maidir le Ráitis Chuntais Bhliantúla.

## Samhain

- Treoirlínte don 34ú Olltoghchán Dála.

## Nollaig

- Tuarascáil ar an Imscrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le sáruithe líomhnaithe ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 leis an Teachta Robert Troy;
- Treoirlínte maidir leis an Toghchán don Seanad.

# Aguisín a Dó:
# **Tríú Páirtithe agus Deontóirí Corparáideacha arna gClárú in 2024**

## Liosta de thríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach in 2024

In 2024, scríobh Rúnaíocht an Choimisiúin chuig 27 Tríú Páirtí cláraithe agus níor iarr sí tuairisceáin ach uathu siúd a bhí páirteach i ngníomhaíocht inchláraithe mar Thríú páirtí in 2023. Seo thíos liosta de na daoine a d'fhreagair agus ar ndearnadh taifead ar a ngníomhaíocht le linn 2023.

- Comhghuaillíocht Cosanta An Teaghlaigh agus An Phósta.
- Family & Life
- Aistriú Cóir
- Pobal Roimh Brabús – Neart le Chéile
- People's Movement
- Rosa
- Páirtí Sóisialach
- Comhar Críostaí
- Sláinte na mBan

## Liosta de Dheontóirí Corparáideacha Cláraithe in 2024

- ASTI
- Fianna Fáil
- Comhaontas Glas
- Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
- Lagan Tarmac
- Mid-West Tyres Ltd.
- Operation Supply Services Ltd.
- CSTGT
- Na Daonlathaithe Sóisialta

2025 © An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie

Designed by: wonder works